Le ceisteanna is teoiricí
Le heolas agus fíricí

Tá fios mo ghnó ceart agam
Le hargón is maignéisiam

Le fuinneamh i mo shaotharlann
Tá gach uile jab faoi lámh agam

Diabhal eilimint nach bhfuil
a fhios agam, tíotáiniam is sóidiam

Le tuairimí faoi theoiricí
Le solas ar mo bhunsmaointe

Tá gach uile rud ar eolas agam
Faoi chopar is seiléiniam

Tá cnámharlach i mo theach agam
Le cnámha lán le cailciam

Ag análú le hocsaigin, gach freagra
beo ar bharr mo chinn – is eolaí mé

Is eolaí mé
Gach uile dhuine réidh?

Is eolaí mé
Níl aon rud le plé! Is eolaí mé

Hé, tusa! Nach bhfuil tú réidh?